NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíocht Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta

Lúnasa 2025

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR ..... 2

RÉAMHRÁ ..... 1

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ..... 3

**Cur chuige i leith an chomhairliúcháin ..... 3**

**Freagraí ar an gcomhairliúchán ..... 4**

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ..... 5

**Tuairimí ginearálta ..... 5**

**Soiléireacht agus inbhainistitheacht ..... 6**

Príomhinniúlachtaí ..... 7
Suíomhanna ..... 7
Snáithe aontaitheach ..... 7
Snáithe 1: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil ..... 8
Snáithe 2: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna ..... 8
Snáithe 3: Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha ..... 9

**Measúnú ..... 9**

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) – Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí ..... 9
Scrúdú scríofa ..... 10

**Tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm ..... 10**

CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL ..... 11

**Údair Mhachnaimh ..... 11**

**Tátal ..... 12**

TAGAIRTÍ ..... 13

AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE ..... 14

# Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 2 i gcrích in 2025 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2026. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta i dTráinse 2.

Cuireadh dréachtsonraíocht Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta idir an 24 Feabhra agus an 25 Aibreán 2025. Ba é aidhm an chomhairliúcháin réimse leathan dearcthaí a fháil ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Thacaigh an t-aiseolas ón gcomhairliúchán leis an meitheal forbartha an tsonraíocht a thabhairt i gcrích.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Réasúnaíocht agus Aidhmeanna
- Príomhinniúlachtaí
- Struchtúr an chúrsa, snáitheanna agus torthaí foghlama, lena n-áirítear soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúchán go bhfuil dearcadh dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán. Moladh go mór an cur chuige a glacadh maidir le struchtúr idirnasctha na sonraíochta, go háirithe mar a cuireadh in iúl tríd an Snáithe Aontaitheach: Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a chur i bhfeidhm.

Dúradh go raibh sé dearfach go raibh ailíniú níos fearr idir an fhoghlaim i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus an dréachtsonraíocht.

Dearbhaíodh go raibh an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna a luadh don ábhar soiléir agus gur léiríodh iad sna snáitheanna staidéir, go háirithe sa Snáithe Aontaitheach. Cuireadh fáilte roimh an ailíniú idir an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna agus an measúnú freisin.

D'aontaigh mórán le cuimsiú topaicí tíreolaíocha comhaimseartha. Fáiltíodh roimh an mbéim leanúnach ar an inneachar a bhfuil cur amach ag páirtithe leasmhara air cheana sna trí shnáithe chomhthéacsúla san am céanna.

Bhain na príomhúdair imní a cuireadh in iúl san aiseolas ón gcomhairliúchán le hinbhainistitheacht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i gcomhthéacs an ama a chuirtear ar fáil, an leibhéal soiléireachta sna colúin torthaí foghlama agus 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas', agus an tacaíocht agus na hacmhainní a theastaíonn chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go rathúil í.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna codanna seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá forléargas ar an gcur chuige a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige i leith an chomhairliúcháin

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist i rith an phróisis comhairliúcháin ocht seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Imeacht comhairliúcháin phoiblí
- Cuairteanna scoile le fócasghrúpaí a rinneadh i dtrasghearradh scoileanna chun léargas a fháil ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó cheannairí scoile.

Roghnaigh na rannpháirtithe féin an suirbhé ar líne a fhreagairt, aighneacht scríofa a dhéanamh agus freastal ar an gcomhairliúchán poiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh trasghearradh scoileanna as measc an daichead scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh i bhforbairtí ar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir an 13 Márta agus an 9 Aibreán 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le scoláirí agus múinteoirí Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta agus le ceannairí scoile, mar a léirítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Coinníodh príobháideachas rannpháirtithe uile an chomhairliúcháin tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). I gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis na Seirbhíse Poiblí (2021), déanfar sonraí ón gcomhairliúchán seo a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile agus cuirfear iad ar fáil in éineacht leis an tuarascáil ar an suíomh gréasáin www.ncca.ie

Cuireadh an suirbhé ar líne ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus bhí gach rannpháirtí in ann a rogha teanga a phiocadh agus scaipeadh é ar MS Forms ar shuíomh gréasáin ncca.ie. Bhí an suirbhé dírithe ar na príomhréimsí fócais ar a dtugtar breac-chuntas sa réamhrá.

Dhírigh an t-imeacht comhairliúcháin phoiblí agus na cuairteanna scoile ar na réimsí fócais céanna a clúdaíodh sa suirbhé ar líne agus tugadh deiseanna chun na réimsí sin a fhiosrú agus a iniúchadh a thuilleadh le linn an chomhrá. Leis na fócasghrúpaí scoilbhunaithe, bhíothas in ann léargas níos

doimhne a fháil ar an dréachtsonraíocht ó scoláirí agus múinteoirí agus léargas a fháil ar dhearcthaí ceannairí scoile.

Bhí na haighneachtaí scríofa faoi stiúir na réimsí fócais céanna a bhí sa suirbhé ar líne, sna cuairteanna scoile agus fócasghrúpaí, agus leo sin bhíothas in ann réimsí spéise ar leith a bhaineann le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a fhiosrú.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Cuairteanna scoile | Scoláirí | 51 |
| | Múinteoirí | 26 |
| | Ceannairí scoile | 17 |
| Suirbhé ar líne* | Múinteoirí | 40 |
| | Breisoideachas/Ardoideachas | 5 |
| | Ceannaire Scoile | 1 |
| | Tuismitheoir/caomhnóir | 1 |
| | Eile | 2 |
| Imeacht | Múinteoirí | 20 |
| | Ceannairí scoile | 2 |
| | Eile | 4 |
| Aighneachtaí scríofa | | 10 |

Tábla 1
* Comhlánaíodh roinnt de na suirbhéanna 'aonair' ar líne thar ceann grúpaí múinteoirí a tháinig le chéile ina Ranna Tíreolaíochta nó trí líonraí gairmithe.

# Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Dhírigh an comhairliúchán ar Réasúnaíocht agus Aidhmeanna, Príomhinniúlachtaí, struchtúr, snáitheanna agus torthaí foghlama lena n-áirítear soiléireacht agus comhleanúnachas, an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis agus tacaíocht a theastaíonn chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Is féidir na torthaí a ghrúpáil faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht, lena n-áirítear an réasúnaíocht agus na haidhmeanna
- A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht, lena n-áirítear deiseanna chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt
- Measúnú/comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis
- Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil.

Úsáidtear an fhaisnéis, a bailíodh ó na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh i rith an chomhairliúcháin, sa tráchtaireacht ar gach téama sa chuid seo.

Sa chuid seo den tuarascáil cuirtear réimsí eile i láthair freisin, réimsí nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta.

## Tuairimí ginearálta

Cuireadh fáilte roimh an dréachtsonraíocht ar an mórgóir agus dúradh go raibh sé comhaimseartha, mealltach agus ábhartha. Dearbhaíodh go raibh an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna a luadh don ábhar soiléir agus gur léiríodh iad san fhoghlaim sna snáitheanna staidéir, go háirithe sa Snáithe Aontaitheach: Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a chur i bhfeidhm. Mar shampla, dúirt roinnt rannpháirtithe go neartaítear, leis an bhfoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sna snáitheanna, an ráiteas sa Réasúnaíocht gur ábhar daonnachta agus eolaíochta í an tíreolaíocht. Cuireadh fáilte roimh an ailíniú idir an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna agus an measúnú freisin. Tháinig moltaí chun an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna a neartú tuilleadh sna haighneachtaí scríofa ó eagraíochtaí agus dhírigh siad ar thuilleadh béime ar choincheapa amhail an inbhuanaitheacht agus saoránacht, agus tábhacht na háite áitiúla.

D'fháiltigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin roimh struchtúr idirnasctha na sonraíochta, ina bhfuil an fhoghlaim, ar a dtugtar breac-chuntas sa Snáithe Aontaitheach: Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a chur i bhfeidhm, comhtháite leis an bhfoghlaim ar fud na dtrí shnáithe chomhthéacsúla agus is féidir naisc loighciúla eile a dhéanamh tríd an bhfoghlaim ar fud na snáitheanna comhthéacsúla. Measadh go raibh an ghrafaic a léiríonn struchtúr na sonraíochta an-úsáideach. Ba léir go raibh an móramh ar son ghiorrú na dteideal i snáitheanna comhthéacsúla a haon agus a dó, agus bhí na rannpháirtithe scoilte maidir le teideal cuí don tríú snáithe comhthéacsúil.

Agus iad ag lua gur féidir teagasc ar bhealach neamhlíneach leis an tsonraíocht, thaitin ord na snáitheanna comhthéacsúla le formhór na múinteoirí, agus d'áitigh go luíonn sé le ciall tosú leis an staidéar ar chuid den tíreolaíocht fhisiciúil (Snáithe 1) ar a laghad. Thacaigh na scoláirí leis an tuairim sin, agus dúirt roinnt mhaith acu gurb í an tíreolaíocht fhisiciúil an t-inneachar is fearr leo agus luaigh go mbraitheann siad go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh nuair a fheictear topaic a bhfuil cur amach acu air go luath, agus cabhraíonn sé leo socrú isteach ag tús an chúigiú bliain.

Tá siollabas reatha Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta ann ó bhí 2003 ann. Bhí na múinteoirí tíreolaíochta a ghlac páirt sa chomhairliúchán ag dul i dtaithí ar theimpléad sonraíochta nua na sraithe sinsearaí. Fuarthas aiseolas maidir le dhá ghné den teimpléad nua: an colún 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' agus na hachoimrí ar na snáitheanna. Fáiltíodh roimh an gcolún 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' ach bhíothas beagán cáiréiseach freisin. Tá mearbhall ar roinnt múinteoirí maidir le cuspóir an cholúin 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas', is é sin, cé acu inneachar éigeantach nó roghnach a léiríonn sé. Sna cásanna ina bhfuil téacs an cholúin sin mionsonraithe, measann na múinteoirí go bhfuil ró-ualach á chur ar an toradh foghlama. Ar an taobh eile, sna cásanna ina bhfuil téacs an cholúin sin in easnamh nó gann, d'fhéadfaí a cheapadh go bhfuil an téacs doiléir nó nach bhfuil go leor sonraí ann. Measadh go raibh na hachoimrí ar na snáitheanna úsáideach mar achoimre ar ionchais, go háirithe i ndáil le hinneachar an tsnáithe.

D'fháiltigh roinnt mhaith daoine roimh an mbéim leanúnach ar an inneachar tíreolaíochta a bhfuil cur amach ag páirtithe leasmhara air cheana sna trí shnáithe chomhthéacsúla. An tráth céanna, bhíothas an-sásta gur cuireadh inneachar eile nach raibh i siollabas 2003 leis chun béim a chur ar thopaicí tíreolaíochta comhaimseartha, amhail an inbhuanaitheacht, cúrsaí aeráide agus an gheopholaitíocht. Síleann formhór na múinteoirí go mbeidh spéis ag na scoláirí san inneachar sin agus go gcabhróidh sé leo tuiscint a fháil ar ábharthacht na tíreolaíochta i saol an lae inniu. Mar sin féin, bhí roinnt múinteoirí neirbhíseach maidir leis an ábhar nua agus d'áitigh go raibh gá le tacaíocht maidir le forbairt acmhainne agus acmhainní maidir leis na topaicí sin.

Bhíothas ar aon intinn ar son chomhtháthú an inneachair a bhaineann leis an inbhuanaitheacht ar fud na sonraíochta. I gcásanna inar nocht rannpháirtithe tuairim maidir le maolú an inneachair a bhaineann leis an tíreolaíocht réigiúnach, bhíothas ar a shon. Ar an mbealach sin, threisigh siad an méid a dúirt múinteoirí agus scoláirí le linn na gcuairteanna scoile don Cháipéis Eolais.

## Soiléireacht agus inbhainistitheacht

Fuarthas roinnt mhaith aiseolais maidir leis an athrú ó shiollabas 2003, lena mbaineann toghaonaid agus roghaonaid, chuig sonraíocht nach mór do gach scoláire tabhairt faoi gach toradh foghlama. I gcomhthéacs nach bhfuil rogha idir topaicí ann, bhí an imní a bhain le hinbhainistitheacht nasctha le himní maidir le soiléireacht. Is é sin le rá, dúirt na rannpháirtithe go raibh níos lú torthaí foghlama uathu, níos lú éilimh sna torthaí foghlama, chomh maith le scoth na soiléireachta agus an chomhleanúnachais i dtaobh na teanga maidir le cur in iúl torthaí foghlama agus an téacs ailínithe 'foghlaimíonn scoláirí faoin méid seo a leanas'. Dhírigh formhór an aiseolais ar impleachtaí éilimh an inneachair sna torthaí foghlama agus sa téacs 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas'. Ní raibh mórán freagraí ann maidir le himpleachtaí éilimh na mbriathra gnímh sna torthaí foghlama. Spreag an líon éagsúil torthaí foghlama sna trí shnáithe chomhthéacsúla roinnt tuairimíochta, agus cheistigh múinteoirí an gaol idir an líon torthaí

foghlama, an t-am a bheadh le caitheamh ar gach snáithe agus ualú an mheasúnaithe, go háirithe sa scrúdú scríofa.

## Príomhhinniúlachtaí

Aithníodh go raibh na príomhhinniúlachtaí tábhachtach don saol agus don obair agus gur forbairt iad ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. I gcás roinnt rannpháirtithe, cosnaíonn na hinniúlachtaí luach na tíreolaíochta sa churaclaim agus neartaíonn a sainiúlacht mar ábhar acadúil agus feidhmeach. Chuir roinnt múinteoirí tíreolaíochta imní in iúl maidir leis an gcaoi le teagasc agus foghlaim na bpríomhhinniúlachtaí a chomhtháthú agus/nó bhí imní orthu maidir leis an gcaoi a bhféadfaí measúnú a dhéanamh orthu sa scrúdú scríofa. San aiseolas ón gcomhairliúchán bhí éilimh ar léiriú níos láidre ar an gcaoi uathúil ar féidir leis an tíreolaíocht cur leis na príomhhinniúlachtaí, amhail baint le sonraí, obair le léarscáileanna, agus fiosruithe lena n-áirítear obair allamuigh.

## Suíomhanna

Sonraítear suíomhanna tíreolaíocha i bpointe urchair 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' i gcás gach toraidh foghlama ar fud na dtrí shnáithe chomhthéacsúla sa dréachtsonraíocht. D'fhéadfadh suíomhanna a bheith ina n-aonar mar phointe urchair nó d'fhéadfaidís a bheith sa phointe urchair deireanach ar liosta. Léirítear leis sin athrú ar fhormáid shiollabas reatha Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, ina bhfuil colúin de shuíomhanna náisiúnta agus idirnáisiúnta le fáil ar an taobh deas de cholún tuairiscithe inneachair. Bhí mearbhall ann mar gheall ar an athrú sin ar an bhformáid. Anuas air sin, cé gur fháiltigh roinnt scoláirí roimh shuíomhanna iomadúla, bhí imní ar rannpháirtithe eile maidir le hinbhainistitheacht i dtaobh an lín suíomhanna dá ndéantar tagairt ar fud na snáitheanna comhthéacsúla. Lorg siad soiléireacht agus d'fhiafraigh an bhféadfadh suíomh cuí ábhartha a bheith i gceist le torthaí iomadúla.

Cé gur nocht roinnt mhaith rannpháirtithe tuairim maidir le húsáid chomhaimseartha chuí na dtéarmaí 'an Domhan Thuaidh' agus 'an Domhan Theas' sna pointí urchair 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas', bhí imní ar rannpháirtithe eile go bhféadfadh múinteoirí agus scoláirí míbhrí a bhaint astu sin mar shuíomhanna ó thuaidh agus ó dheas den mheánchiorcal, in ionad áiteanna atá ó thuaidh nó ó dheas de líne Brandt. Moladh na téarmaí 'Tíortha Beagfhorbartha ó Thaobh an Gheilleagair de (TBFG)' agus 'Tíortha is Forbartha ó Thaobh an Gheilleagair de (TFTG)' do na suíomhanna. Luaigh scoláirí an luach a bhaineann leis an bhfoghlaim faoi shuíomhanna sa Domhan Theas, áiteanna nach bhfeicfidís roimhe sin i dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta, ach d'iarr rannpháirtithe eile fócas níos lú ar shuíomhanna sa Domhan Theas agus/nó béim níos mó ar Éirinn mar shuíomh.

## Snáithe aontaitheach

Bhí formhór na rannpháirtithe sa chomhairliúchán ar son Snáithe Aontaitheach. Cé go raibh cúpla múinteoir éiginnte maidir leis an gcaoi a gcuirfí i bhfeidhm é ar fud na snáitheanna comhthéacsúla, aithníodh den chuid is mó go léirítear leis an bhfoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa snáithe seo baint amach phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus go dtagann sé le Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí.

Maidir leis na torthaí foghlama sa Snáithe Aontaitheach, chonacthas gur thacaigh siad le hoideachas tíreolaíochta maith, amhail obair le léarscáileanna agus fiosruithe, lena n-áirítear rannpháirteachas le sonraí agus obair allamuigh. Ba léir an tsineirge idir an Snáithe Aontaitheach agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí) d'fhormhór na rannpháirtithe. Bhí imní ar roinnt múinteoirí maidir le hinrochtaineacht gnéithe den fhoghlaim aontaitheach do gach scoláire agus cheistigh roinnt acu a mhine a dhéanfaí measúnú ar thorthaí foghlama aontaitheacha.

## Snáithe 1: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil

Bhí an-ghlacadh le Snáithe 1. Measadh gur forbairt ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí atá san fhoghlaim i Snáithe 1 agus go léirítear leis cothromaíocht mhaith topaicí. Measann na scoláirí go bhfuil an t-inneachar maidir le tíreolaíocht fhisiciúil an-mhealltach don tsúil, go bhfuil sé ábhartha dá dtimpeallachtaí fisiciúla laethúla agus go bhfuil sé éasca é a thuiscint, go háirithe nuair a fhoghlaimítear é i dtaca le himeachtaí sa saol réadúil agus suíomhanna áitiúla. Shainaithin na scoláirí go dtacaíonn cuir chuige idirghníomhacha agus phraiticiúla, amhail meáin amhairc, léarscáileanna, sonraí agus obair allamuigh, lena gcuid foghlama gaolmhara i Snáithe 1.

Fuarthas neart aiseolais maidir leis na torthaí foghlama 'próisis dromchla'. Cé gur cuireadh fáilte éigin roimh staidéar a dhéanamh go mion ar phróisis abhann, agus na próisis chósta agus oighreacha ar bhonn níos lú, níor aontaigh formhór na múinteoirí leis an gcur chuige sin sa dréachtsonraíocht. Braitheadh nár tháinig an cur chuige sin leis an ualach i gcodanna eile de Shnáithe 1, ina mbeadh eolas níos mine ar phróisis chósta agus oighreacha ag teastáil. Bhí argóintí maidir le roghanna nó caitheamh go cothrom le gach próiseas bunaithe ar an gcomhthéacs reatha, inar gá d'fhormhór na scoláirí a gcuid oibre allamuigh a dhéanamh ar phróisis abhann nó próisis chósta. Nasc roinnt rannpháirtithe na hargóintí sin leis an mbéim sa dréachtsonraíocht ar an tábhacht a bhaineann le húsáid suíomhanna áitiúla, na foghlama amuigh faoin aer agus na hoibre allamuigh.

Bhí meascán tuairimí ann maidir le toradh foghlama ar ídiú acmhainní nádúrtha. Thug múinteoirí le fios gur tugadh aghaidh chuí ar an inneachar sin i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí nó go raibh ualach an inneachair róleathan. Bhí tuairimí éagsúla ann freisin maidir leis an bhfoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa chuid maidir leis an atmaisféar agus aimsir. Tríd is tríd, d'aithin múinteoirí go raibh na torthaí foghlama maidir leis an atmaisféar agus aimsir tábhachtach agus go raibh siad nasctha le hinneachar tosaigh ar an aimsir agus aeráid i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí. Mar sin féin, bhraith roinnt múinteoirí, go háirithe iad siúd nach bhfuil ag teagasc an aonaid maidir le haigéin agus an t-atmaisféar, go raibh an t-inneachar ró-eolaíoch. Cé gur fáiltíodh roimh na torthaí foghlama maidir le topaic na haeráide ar an mórgóir, ba léir go rabhthas ar aon tuairim go raibh an iomarca torthaí foghlama sa chuid sin.

## Snáithe 2: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna

Leagadh béim san aiseolas ar Shnáithe 2 ar luach agus comhaimsearthacht na dtopaicí agus an nasc idir na topaicí sin agus eispéiris saoil na scoláirí. Luadh freisin go bhféadfadh Snáithe 2 cur leis an bhfoghlaim i nGnó, Stair, agus Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, agus gur tháinig sé le Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí. Ina theannta sin, chonacthas go bhforbraíonn na torthaí foghlama sin tuiscint na scoláirí ar idirghníomhaíochtaí idir an duine agus an timpeallacht.

Luaigh scoláirí go raibh uirbiú agus imirce ag teacht lena gcuid eispéireas pearsanta, agus go raibh siad ábhartha agus spéisiúil, go háirithe dá múinfí iad agus úsáid á baint as mínithe soiléire, modheolaíochtaí éagsúla agus samplaí agus suíomhanna nithiúla.

Mheas roinnt rannpháirtithe go raibh gnéithe de Shnáithe 2 róleathan agus go raibh an iomarca inneachair iontu. Mar gheall air sin, d'iarr roinnt rannpháirtithe go laghdófaí an téacs 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' i gcás torthaí foghlama faoi leith. Ina theannta sin, bhíothas ar aon intinn go raibh róbhéim ar bheartais náisiúnta i Snáithe 2, agus arís i Snáithe 3, ach ar bhonn níos lú. Measadh go raibh sé sin ag cur leis an imní maidir le hinbhainistitheacht. Thairis sin, measadh go raibh na tagairtí do bheartais, gan na beartais shonracha a lua, ag cur leis an easpa soiléireachta. Mar sin féin, aithníodh go bhféadfaí an tsonraíocht dul as dáta dá luafaí beartais faoi leith. Bhí roinnt múinteoirí buartha faoi bheith cothrom le dáta le hathruithe beartais i gcónaí. Bhí imní ar mhúinteoirí eile maidir le bheith ag plé le saincheisteanna íogaire amhail an imirce.

### Snáithe 3: Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha

Bhíothas dearfach ar an iomlán maidir le Snáithe 3. Ba mhór ag formhór na múinteoirí na topaicí comhaimseartha agus idirdhisciplíneacht an tsnáithe, ar measadh go bhféadfadh sé smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh agus scoláirí a ghríosú le bheith ina saoránaigh dhomhanda eolacha. Chonacthas do na scoláirí gur nasc na topaicí an tíreolaíocht le cúrsaí reatha, fad a bhí sé dírithe ar an todhchaí san am céanna, agus go raibh siad tábhachtach dá saol féin, agus an cumas ann a gcuid tuisceana féin a fhorbairt maidir le daoine agus áiteanna in Éirinn agus thar lear. Measadh go raibh modheolaíochtaí teagaisc mealltacha amhail plé ranga, agus úsáid acmhainní amhairc, ríthábhachtach chun an gá le téarmaí a chur de ghlanmheabhair nó cás-staidéir a sheachaint.

Bhí imní ar roinnt múinteoirí maidir le raon agus uaillmhian Shnáithe 3. I gcás ina raibh aiseolas den chineál sin sonrach, bhain sé de ghnáth le torthaí foghlama/téacs 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' a rinne tagairt do bheartais nó ina raibh inneachar nua. Fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a thug le fios go raibh an chaoi ar caitheadh leis an tionscal talmhaíochta agus an tionscadal iascaireachta in Éirinn éagothrom. De réir mar a bhí i gcás thopaic na himirce i Snáithe 2, bhí roinnt imní ann maidir le híogaireachtaí a bhaineann le teagasc na dtorthaí foghlama geopholaitíochta. Sa chuid chéanna, ceistíodh an fócas ar uisce mar cheann den iliomad tosca féideartha a bhaineann le hacmhainní nádúrtha atá ag cur le teannas geopholaitiúil.

## Measúnú

### Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) – Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí

Cé gur fháiltigh formhór na rannpháirtithe ón gcomhairliúchán roimh chuspóir comhpháirte tionscadal suntasaí i dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta mar bheart forásach, fiúntach agus cothrom, bhí imní orthu maidir leis an gcuma a bheadh air agus é i bhfeidhm. Dúradh i bhfreagairtí dearfacha go léirítear leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí forbairt nádúrtha ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe Tíreolaíochta na Sraithe Sóisearaí agus go dtacóidh sé le rud éigin a bheidh difriúil leis an Imscrúdú Tíreolaíochta a bhaineann le Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta faoi láthair. Anuas air sin, aithníodh go n-éascaítear leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí cur i bhfeidhm na scileanna ar a dtugtar breac-chuntas sa Snáithe Aontaitheach, agus go bhfuil deis ann fiosrú faoi

stiúir na scoláirí a spreagadh agus tacú le scoláirí ar mian leo tabhairt faoi staidéar nó obair a bhaineann leis an tíreolaíocht i ndiaidh na sraithe sinsearaí.

I measc na bpríomhúdar imní a bhaineann le CMB tá an t-aistriú ó obair allamuigh abhann nó cósta, a bhfuil cur amach ag na rannpháirtithe uirthi, agus an t-éagothromas féideartha a bhraitear idir scoláirí agus scoileanna, a d'fhéadfadh eascairt as treoir leathan CMB amháin. I measc na mbealaí a moladh chun plé leis na húdair imní sin bhí fócas ar obair allamuigh i dtreoir CSS, eisiúint ceithre threoir in aghaidh na bliana nó treoir amháin a bheadh i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain nó níos mó. I ndáil leis an uair a d'eiseofaí an treoir ó CSS, bhí formhór na múinteoirí agus na gceannairí scoile ar son a heisiúna a luaithe is féidir sa chúigiú bliain, agus go bhféadfaí é a leagan isteach a dhéanaí is féidir sa séú bliain. Measadh go n-éascódh na huaireanta sin an phleanáil, rud a ligfeadh do na múinteoirí díriú ar an bhforbairt scileanna a theastaíonn le haghaidh treoir shonrach, agus a thacódh le scoileanna CMBanna gach ábhair a sceidealú.

Cé is moite de shamplaí áirithe, d'fháiltigh scoláirí agus múinteoirí roimh an aistriú ó ualú 20% go dtí ualú 40% do thionscadal Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, ach d'áitigh gur cheart an t-ualach sa scrúdú scríofa a laghdú dá réir. Luaigh roinnt mhaith múinteoirí imní maidir leis an méid oibre agus ama a theastaíonn le haghaidh tionscadail agus ról an mhúinteora i ndáil le tacú le críochnú an tionscadail. Bhí ceannairí scoile buartha maidir le scoláirí ag a bhfuil fadhbanna maidir le tinreamh agus bhí siad fíorbhuartha maidir leis na scoláirí siúd a tharraingeodh siar a thuilleadh nó a d'éireodh as dá measfaidís nach bhfuil ag éirí leo sa CMB nó mura n-éiríonn leo é a chur isteach. Tá ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí buartha faoi mhí-úsáid IS, agus cothromas digiteach i ndáil le CMBanna a phleanáil, a dhéanamh, a chur in iúl agus a chur isteach. Lorg siad treoirlínte measúnaithe soiléire agus infheistíocht i mbonneagar digiteach agus cothabháil. Bhí ceannairí scoile glórach maidir leis an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm CMBanna i ngach ábhar Ardteistiméireachta ar fholláine na scoláirí agus múinteoirí araon.

### Scrúdú scríofa

Maidir leis na rannpháirtithe a luaigh an scrúdú scríofa, leag siad béim ar an ngá leis an scrúdú a athchóiriú agus a athchothromú i bhfianaise an 40% don CMB. I gcásanna inar féidir, moladh gur cheart tús áite a thabhairt don mheasúnú ar thuiscint agus cur i bhfeidhm scileanna sa scrúdú scríofa. Mhol scoláirí agus múinteoirí go mbeadh rogha níos mó ceisteanna ann agus go n-imeofaí ó cheisteanna aiste a chuirtear de ghlanmheabhair roimh an scrúdú. Labhair an dá dhream ar an mbrú ama i scrúduithe agus thug le fios gur gá am go leor a thabhairt chun an fhoghlaim a léiriú. Mhol na múinteoirí go mbeadh struchtúr seasmhach ag na scrúdpháipéir bliain i ndiaidh bliana, go n-úsáidfí teanga inrochtana agus ceisteanna a bheadh nasctha go díreach leis na torthaí foghlama; go gcuirfí critéir mharcála shoiléir le gach ceist agus go gcuirfí neart spáis ar fáil do fhreagraí ar ardchaighdeán.

## Tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm

D'iarr múinteoirí tíreolaíochta forbairt ghairmiúil thráthúil, chuimsitheach, phraiticiúil a bhaineann go sonrach le tíreolaíocht chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta athfhorbartha. Tá siad ag iarraidh a bheith in ann comparáid a dhéanamh idir siollabas reatha Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta agus an tsonraíocht nua. Dúirt siad go dteastaíonn tacaíocht uathu chun teicneolaíocht gheospásúil a úsáid, agus tacaíocht maidir le topaicí atá roghnach faoi láthair nó atá

'nua' dóibh, mar shampla, an aimsir agus an t-atmaisféar, domhandú agus forbairt. Lorg siad tacaíocht maidir le téarmaí 'nua' freisin, amhail, 'an Domhan Thuaidh' agus 'an Domhan Theas' agus na príomhchoincheapa i dtíreolaíocht (A3); agus topaicí 'nua', amhail cúrsaí aeráide (Snáithe 1) agus an gheopholaitíocht (Snáithe 3); agus maidir le topaicí a d'fhéadfadh a bheith íogair, amhail an imirce (Snáithe 2). Luadh freisin go raibh an rogha de shuíomhanna ábhartha agus an chaoi leis na torthaí foghlama a theagasc trí na suíomhanna sin tábhachtach freisin.

B'fhearr le múinteoirí forbairt ghairmiúil a dhíreofaí ar an bpleanáil agus seicheamhú do chomhtháthú na foghlama ar a dtugtar breac-chuntas sa Snáithe Aontaitheach ar fud na dtrí shnáithe chomhthéacsúla, agus pleanáil agus seicheamhú laistigh de na snáitheanna comhthéacsúla agus eatarthu. Dúirt siad gur cheart an t-am don phleanáil a chur san áireamh sna seisiúin Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (FGM). Ó thaobh na hoideolaíochta de, tá fonn ar mhúinteoirí a gcuid acmhainne a fhorbairt maidir le foghlaim ar bhonn fiosraithe a dhearadh agus a sholáthar, lena n-áirítear obair allamuigh, agus cuir chuige ionchuimsitheacha sa seomra ranga. Ba mhian leo forbairt acmhainne shonrach maidir le héascú, tráth agus leagan isteach na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, go háirithe an chaoi le barántúlacht agus rioscaí a bhaineann le IS a bhainistiú. Ar deireadh, ba mhian leo tacaíocht maidir le scoláirí a ullmhú don scrúdú scríofa.

I ndáil le hacmhainní agus ábhair, thug múinteoirí le fios go mbeadh an méid seo a leanas úsáideach: teimpléid phleanála gearrthéarmaí agus fadtéarmaí agus pleananna samplacha, cás-staidéir shamplacha maidir le suíomhanna, treoirlínte CMB agus tionscadail chríochnaithe shamplacha, scéim mharcála CMB, scrúdpháipéir shamplacha in éineacht le freagraí agus scéimeanna marcála samplacha. Tharraing roinnt múinteoirí aird ar an ngá le tairseach ar líne ina mbeadh sonraí agus eolas tíreolaíoch, lena n-áirítear léarscáileanna, grafaic faisnéise, áiseanna amhairc agus naisc úsáideacha chun tacú le teagasc agus foghlaim. D'éiligh siad go mbeadh na hacmhainní sin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. D'iarr ceannairí scoile agus múinteoirí go bhféadfadh maoiniú a chaitheamh mar is mian leis an scoil ar earraí ó liosta ceadaithe acmhainní de Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta a bheadh ailínithe leis an tsonraíocht nua, amhail bogearraí Córais Faisnéise Geografaí (GIS), trealamh don obair allamuigh agus trealamh eolaíochta eile, printéirí daite chun léarscáileanna agus aerghrianghraif a phriontáil.

# Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

## Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go hiontach maith le dréachtsonraíocht Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha de cheapadh an ábhair athfhorbartha.

Bhreithnigh an mheitheal forbartha an t-aiseolas ón gcomhairliúchán le linn dóibh an tsonraíocht Tíreolaíochta a chur i gcrích.

Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, bhí:

- An bhéim ar an inbhuanaitheacht, saoránacht agus áit áitiúil sa Réasúnaíocht
- Léiriú ar an gcaoi uathúil ar féidir leis an tíreolaíocht cur leis na príomhinniúlachtaí

- Teidil na snáitheanna comhthéacsúla
- Cur i láthair, téarmaíocht agus méid na suíomhanna tíreolaíocha sa tsonraíocht; chomh maith le soiléireacht i ndáil leis an gcaoi ar féidir na torthaí foghlama a bhaint amach nuair a phléitear le suíomhanna
- Inbhainistitheacht agus soiléireacht na dtorthaí foghlama agus an téacs ailínithe 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas', mar shampla, na codanna maidir le próisis dromchla, an t-atmaisféar agus aimsir agus aeráid i Snáithe 1, na tagairtí do bheartais náisiúnta i Snáithe 2 agus, na codanna maidir le talmhaíocht agus iascaigh, agus an gheopholaitíocht i Snáithe 3.

## Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht na ndaoine sin a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas a fuarthas. Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí dearfacha ar dhréachtsonraíocht Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear leibhéal mór ionchuir sa chomhairliúchán agus léiríonn an fhreagairt dhearfach ó mhúinteoirí dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar an ábhar, ós rud é nach raibh aon athrú suntasach air le breis agus scór blianta anuas.

# Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách* ar fáil ar https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/fógraíonn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchóiriú-oideachas-na-sraithe-sinsearaí-cothromas-agus-sármhaitheas-do-chách/ [arna rochtain ar an 20 Bealtaine 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) *Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf [arna rochtain ar an 20 Bealtaine 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Beartas Cosanta Sonraí*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/od2o2orc/beartas-cosanta-sonraí-cncm_2023.pdf [arna rochtain ar an 20 Bealtaine 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Straitéis Taighde, 2023–2026*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/6273/cncm_straitéistaighde_2023-2026.pdf [arna rochtain ar an 20 Bealtaine 2025]

# Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Seo a leanas liosta de na daoine agus/nó na heagraíochtaí a thug freagra don chomhairliúchán agus ar mhian leo go n-ainmneofaí iad sa tuarascáil seo.

Paul Aplin, Coláiste Mhuire Gan Smál
Coláiste Pobail Bhaile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Cumann Mhúinteoirí Tíreolaíochta na hÉireann (CMTÉ)
Paul Cashman
Colin Byrne
G. Corrigan
Cumann Mhúinteoirí Tíreolaíochta Chorcaí
Mary Cullen
Tony Dunne
Sandra Durkan
An Dr Eugene Farrell
Stephen Farley, Trócaire
Rowan Fealy
Tara Fitzharris
Margaret Fitzpatrick
Maura Flynn
K. Gibbons
Cumann Forbartha Oideachas na hÉireann (IDEA) - Meitheal Oideachais Fhoirmiúil
An tOllamh Comhlach Karen Keaveney
Róisín Kelly
C. Kiernan
Sarah Lennon
Pádraig Leonard
Ruth McManus
Sarah Moran
Coláiste Pháirc Mhucrois, Baile Átha Cliath
Ryan Murphy
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
Amy Ní Bhailís
Sinéad Ní Dhúgáin
Elaine O'Meara
Coláiste na Toirbhirte, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe
Sreelakshmi Raj
Gavin Ryan
An Chomhairle Oidhreachta
Andrew Tracey
WorldWise Global Schools

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment